2023/2395

3.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2395 ÓN gCOIMISIÚN

an 2 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 ón gCoimisiún a mhéid a bhaineann le hearraí áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad a áireamh ar liosta tráchtearraí de thionscnamh na coda eile den domhan

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meitheamh 2023 maidir le rialacha sonracha a bhaineann le teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí áirithe earraí miondíola, plandaí le haghaidh plandú, prátaí síl, innealra agus feithiclí áirithe a oibrítear chun críoch talmhaíochta nó foraoiseachta, chomh maith le gluaiseachtaí neamhthráchtála peataí áirithe isteach i dTuaisceart Éireann ([1]), agus go háirithe Airteagail 9(4), pointe (a), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2023/1231 leagtar síos rialacha sonracha a bhaineann le, *inter alia*, teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe coinsíneachtaí earraí miondíola áirithe lena gcur ar an margadh i dTuaisceart Éireann don tomhaltóir deiridh, lena n-áirítear rialacha sonracha maidir le coinsíneachtaí earraí miondíola de thionscnamh na coda eile den domhan.

(2) Go sonrach, foráiltear le hAirteagal 9(1), pointe (a) de Rialachán (AE) 2023/1231 maidir le hearraí miondíola de thionscnamh na coda eile den domhan arb é atá iontu tráchtearraí de bhunadh ainmhíoch nó plandaí nó táirgí ilchodacha atá faoi réir na rialacha sláinte ainmhithe agus plandaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2), pointí (d), (e) agus (g), de Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) ('tráchtearraí de thionscnamh na coda eile den domhan') nach bhféadfaidh na hearraí miondíola sin teacht isteach i dTuaisceart Éireann ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe agus nach bhféadfar iad a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (AE) 2023/1231 ach amháin má dhéanann an Ríocht Aontaithe fianaise i scríbhinn a sholáthar maidir leis na coinníollacha allmhairiúcháin agus na ceanglais maidir le rialuithe oifigiúla dá bhforáiltear i Rialacháin (CE) Uimh. 1069/2009 ([3]), (AE) 2016/429 ([4]) agus (AE) 2016/2031 ([5]) ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, i Rialachán (AE) 2017/625, agus i ngníomhartha an Choimisiúin arna nglacadh de bhun na Rialachán sin, go bhfuil feidhm acu i ndáil leis na tráchtearraí sin de thionscnamh na coda eile den domhan faoi dhlí náisiúnta na Ríochta Aontaithe agus go bhfuil na coinníollacha allmhairiúcháin agus na ceanglais maidir le rialuithe oifigiúla sin á gcur chun feidhme go héifeachtach sa Ríocht Aontaithe.

([1]) IO L 165, 29.6.2023, lch. 103.

([2]) Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh 1151/2012, (AE) Uimh 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialacháin (CE) Uimh. 1/2005 agus (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 854/2004 agus (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE ón gComhairle agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) (IO L 95, 7.4.2017, lch. 1).

([3]) Rialachán (CE) Uimh. 1069/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leagtar síos rialacha sláinte a mhéid a bhaineann le seachtháirgí ainmhithe agus táirgí díorthaithe nach bhfuil ceaptha lena gcaitheamh ag an duine agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1774/2002 (Rialachán maidir le seachtháirgí ainmhithe) (IO L 300, 14.11.2009, lch. 1).

([4]) Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') (IO L 84, 31.3.2016, lch. 1).

([5]) Rialachán (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Deireadh Fómhair 2016 maidir le bearta cosantacha i gcoinne lotnaidí plandaí, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 228/2013, (AE) Uimh. 652/2014 agus (AE) Uimh. 1143/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Treoracha 69/464/CEE, 74/647/CEE, 93/85/CEE, 98/57/CE, 2000/29/CE, 2006/91/CE agus 2007/33/CE ón gComhairle (IO L 317, 23.11.2016, lch. 4).

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 ([6]) ón gCoimisiún, san Iarscríbhinn a ghabhann leis, bunaítear liosta tráchtearraí de thionscnamh na coda eile den domhan, lena liostaítear faoi láthair earraí de bhunadh ainmhíoch.

(4) Le litreacha dar dáta an 4 agus 7 Meán Fómhair 2023 agus an 1 Deireadh Fómhair 2023, déanann an Ríocht Aontaithe an fhianaise i scríbhinn a sholáthar go bhfuil feidhm faoina dlí náisiúnta ag coinníollacha allmhairiúcháin agus ceanglais maidir le rialuithe oifigiúla a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/2031, ar coinníollacha allmhairiúcháin agus ceanglais maidir le rialuithe oifigiúla iad a bhaineann le hearraí áirithe nach de bhunadh ainmhíoch iad ach de bhunadh plandaí de thionscnamh tríú tíortha áirithe ('na hearraí nach de bhunadh ainmhíoch iad'), agus go bhfuil na coinníollacha allmhairiúcháin agus ceanglais maidir le rialuithe oifigiúla sin i ndáil le hearraí nach de bhunadh ainmhíoch iad á gcur chun feidhme go héifeachtach sa Ríocht Aontaithe.

(5) Dá bhrí sin, is iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 a leasú chun catagóir na n-earraí nach de bhunadh ainmhíoch iad a chur ar an liosta tráchtearraí de thionscnamh na coda eile den domhan a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(6) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil agus chun aon chur isteach míchuí ar thrádáil a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 mar ábhar práinne.

(7) Ós rud é go ndearna an Ríocht Aontaithe an fhianaise i scríbhinn a sholáthar a bhaineann leis na rialacha sláinte plandaí le haghaidh na n-earraí nach de bhunadh ainmhíoch iad, dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (a), de Rialachán (AE) 2023/1231 ón 1 Deireadh Fómhair 2023, agus chun aon chur isteach míchuí ar thrádáil a sheachaint, ba cheart feidhm chúlghabhálach a bheith ag an Rialachán seo dá bhrí sin ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 2 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2023 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2023/1231 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le tráchtearraí áirithe de thionscnamh na coda eile den domhan a liostú, ar tráchtearraí iad a fhéadfaidh teacht isteach i dTuaisceart Éireann mar earraí miondíola ó chodanna eile den Ríocht Aontaithe agus a fhéadfar a chur ar an margadh i dTuaisceart Éireann (IO L 238, 27.9.2023 lch. 103).

IARSCRÍBHINN

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/2059 cuirtear an chatagóir tráchtearraí seo a leanas ar an liosta tráchtearraí de thionscnamh na coda eile den domhan:

'Earraí nach de bhunadh ainmhíoch iad				
1	Trátaí, iad úr nó fuaraithe	0702 00 00	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí (*)	Na tríú tíortha uile
2	Oinniúin, seachas sáiteáin, iad úr nó fuaraithe	0703 10 19	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
3	Seallóidí, iad úr nó fuaraithe	0703 10 90	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
4	Gairleog, í úr nó fuaraithe	0703 20 00	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
5	Cóiliseacha agus brocailí a bhfuil ceann air, iad úr nó fuaraithe	0704 10 10	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
6	Piseanna, iad úr nó fuaraithe	0708 10 00	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
7	Pónairí, iad úr nó fuaraithe	0708 20 00	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
8	Lus súgach, é úr nó fuaraithe	0709 20 00	Deimhniú fíteashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile

9	Piobair (iad úr nó fuaraithe, den ghéineas *Capsicum* nó den ghéineas *Pimenta*), gan piobair den ghéineas *Capsicum* a áireamh, chun caipsicin nó ruaimeanna oiléaroisín capsacaim a mhonarú agus piobair chun blátholaí nó roisíneoidí a mhonarú go tionsclaíoch	0709 60 10 0709 60 99	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
10	Puimcíní, scuais agus guird, iad úr nó fuaraithe, gan cúirséid a áireamh	0709 93 90	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
11	Grán milis, é úr nó fuaraithe	0709 99 60	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
12	Prátaí milse, iad úr agus iomlán agus atá ceapadh lena gcaitheamh ag an duine	0714 20 10	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
13	Abhacáid, iad úr nó triomaithe	0804 40 00	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
14	Fíonchaora boird úra	0806 10 10	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
15	Mealbhacáin uisce úra	0807 11 00	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
16	Mealbhacáin úra, seachas mealbhacáin uisce	0807 19 00	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile

17	Úlla úra, seachas úlla ceirtlise, i mbulc, ón 16 Meán Fómhair go dtí an 15 Nollaig	0808 10 80	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
18	Piorraí úra, seachas piorraí leanna, i mbulc, ón 1 Lúnasa go dtí an 31 Nollaig	0808 30 90	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
19	Sútha talún úra	0810 10 00	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
20	Sútha craobh úra	0810 20 10	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
21	Sméara dubha, maoildearga agus lóganchaora úra	0810 20 90	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
22	Torthaí úra den speiceas *Vaccinium myrtillus* Fraocháin agus mónóga úra	0810 40 30 0810 40 50	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile
23	Sinsear, nach bhfuil brúite ná meilte	0910 11 00	Deimhniú físeashláintíochta atá i gcomhréir leis an deimhniú caighdeánach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta Cosanta Plandaí	Na tríú tíortha uile

(*) https://www.ippc.int/en/core-activities/governance/convention-text/.'